2023/2817

18.12.2023

**CINNEADH (AE) 2023/2817 ON mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 7 Nollaig 2023**

**lena leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha maidir le scairchaipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh a aistriú idir na bainc cheannais náisiúnta agus maidir leis an gcaipiteal íoctha a choigeartú agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2020/139 (BCE/2020/5)** ***(BCE/2023/33)***

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 28.5 de,

Ag féachaint do chion oibre Chomhairle Ghinearálta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, i gcomhréir leis an gceathrú fleasc d'Airteagal 46.2 de Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Cinneadh (AE) 2023/2811 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2023/31) ([1]) maidir le coigeartú na n-ualuithe a shanntar do na bainc cheannais náisiúnta (BCNanna) san eochair le haghaidh suibscríobh le caipiteal an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) (dá ngairtear 'eochair-ualuithe caipitil' agus 'an eochair chaipitil' faoi seach). Leis an gcoigeartú sin, ceanglaítear ar an gComhairle Rialaithe na téarmaí agus na coinníollacha a chinneadh le haghaidh aistrithe scairchaipitil idir BCNanna atá ina gcomhaltaí den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) an 31 Nollaig 2023 chun a áirithiú go bhfreagraíonn dáileadh na scaireanna sin do na coigeartuithe a rinneadh. Dá réir sin, is gá cinneadh nua a ghlacadh chun Cinneadh (AE) 2020/139 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2020/5) ([2]) a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

(2) Le Cinneadh (AE) 2023/2819 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2023/32) ([3]) cinntear conas agus a mhéid atá BCNanna na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu ('BCNanna sa limistéar euro' anseo feasta) faoi oibleagáid caipiteal BCE a íoc i bhfianaise na heochrach caipitil coigeartaithe. Le Cinneadh (AE) 2023/2816 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2023/36) ([4]) cinntear an céatadán go bhfuil oibleagáid ar BCNanna na mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra acu (dá ngairtear 'BCNanna nach bhfuil sa limistéar euro') íocaíocht a dhéanamh le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 i bhfianaise na heochrach caipitil coigeartaithe.

([1]) Cinneadh (AE) 2023/2811 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Nollaig 2023 maidir le scaireanna céatadáin na mbanc ceannais náisiúnta san eochair le haghaidh suibscríobh le caipiteal an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2020/137 (BCE/2020/3) (BCE/2023/31) (IO L, 2023/2811,18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2811/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2020/139 ón Bhanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2020 lena leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha maidir le scairchaipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh a aistriú idir na bainc cheannais náisiúnta agus maidir leis an gcaipiteal íoctha a choigeartú agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/45 (BCE/2020/5) (IO L 27I,1.2.2020, lch. 9)

([3]) Cinneadh (AE) 2023/2819 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Nollaig 2023 maidir le caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh d' íoc ag bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2020/138 (BCE/2020/4) (BCE/2023/32) (IO L, 2023/2819, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2819/oj).

([4]) Cinneadh (AE) 2023/2816 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Nollaig 2023 maidir le caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh d'íoc ag bainc cheannais náisiúnta na mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra acu agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2020/136 (BCE/2020/2) (BCE/2023/36) (OJ L, 2023/2816,18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2816/oj).

(3) Ós rud é go bhfuil a scair iomlán i gcaipiteal suibscríofa BCE íoctha cheana féin ag gach BCN sa limistéar euro de réir mar is infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2023 faoi Chinneadh (AE) 2020/138 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2020/4) ([5]),agus a mhéid a bhaineann le Hrvatska narodna banka, faoi Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2023/135 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/51) ([6]), ba cheart do gach BCN sa limistéar euro suim bhreise a aistrid chuig BCE nó suim a fháil ar ais ó BCE, de réir mar is iomchuí, chun teacht ar na méideanna a léirítear sa tábla in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2023/2819 (BCE/2023/32).

(4) Ar an gcaoi chéanna, ós rud é go bhfuil céatadán dá scaireanna íoctha cheana féin ag BCNanna nach bhfuil sa limistéar euro i gcaipiteal suibscríofa BCE de réir mar is infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2023 faoi Chinneadh (AE) 2020/136 ón mBanc Ceannais Eorpach, (BCE/2020/2) ([7]) ba cheart do gach ceann acu méid breise a aistriú chuig BCE, nó suim a fháil ar ais ó BCE, de réir mar is iomchuí, chun teacht ar na méideanna a léirítear sa tríú colún den tábla in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2023/2816 (BCE/2023/36),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Aistriú scaireanna caipitil**

I bhfianaise an scair i gcaipiteal BCE a bheidh suibscríofa ag gach BCN an 31 Nollaig 2023, agus an scair i gcaipiteal BCE a shuibscríobhfaidh gach BCN le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 mar thoradh ar choigeartú na n-ualuithe eochairchaipitil a leagtar síos in Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2023/2811 (BCE/2023/31), aistreoidh BCNanna scaireanna caipitil eatarthu féin trí aistrithe chuig BCE agus uaidh chun a áirithiú go gcomhfhreagraíonn dáileadh scaireanna caipitil le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 do na hualuithe coigeartaithe. Chuige sin, measfar go ndearna gach BCN, de bhua an Airteagail seo agus gan gá le haon fhoirmiúlacht ná gníomh breise, an scair i gcaipiteal suibscríofa BCE a thaispeántar taobh lena hainm sa cheathrú colún den tábla in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo a aistriú nó a fháil le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, trína dtagróidh '+' do scair chaipitil a aistreoidh BCE chuig BCN agus '-' chuig scair chaipitil a aistreoidh BCN chuig BCE.

*Airteagal 2*

**Caipiteal íoctha a choigeartú**

1. I bhfianaise mhéid chaipiteal BCE atá íoctha ag gach BCN agus an méid de chaipiteal BCE a íocfaidh gach BCN le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, de bhun Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2023/2819 (BCE/2023/32) le haghaidh BCNanna sa limistéar euro agus Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2023/2816 (BCE/2023/36) do na BCNanna nach bhfuil sa limistéar euro, faoi seach, ar an gcéad lá oibriúcháin den Uathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (Trans-European Automated Real-time Gross settlement Express Transfer system, TARGET) tar éis an 1 Eanáir 2024 aistreoidh nó gheobhaidh gach BCN an glanmhéid a thaispeántar taobh lena ainm sa cheathrú colún den tábla in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, trína dtagróidh '+' do mhéid a aistreoidh BCN chuig BCE agus '-' go dtí méid a aistreoidh BCE chuig an BCN sin.

2. Ar an gcéad lá oibriúcháin TARGET tar éis an 1 Eanáir 2024, déanfaidh BCE agus BCNanna atá faoi oibleagáid méid a aistriú faoi mhír 1 aon ús ar na méideanna dlite a fhabhraíonn le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí dáta an aistrithe a aistriú ar leithligh. Beidh na haistritheoirí agus na faighteoirí den ús seo na haistritheoirí agus na faighteoirí céanna de na méideanna a bhfabhrófar an t-ús orthu.

([5]) Cinneadh (AE) 2020/138 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2020 maidir le caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh d'íoc ag bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/44 (IO L 27I, 1.2.2020, lch. 6).

([6]) Cinneadh (AE) 2023/235 ón mBanc Ceannais Eorpach an 30 Nollaig 2022 maidir le caipiteal a íoc, cúlsócmhainní eachtracha a aistriú agus ranníocaíochtaí ó Hrvatska narodna banka le cúlchistí agus forálacha an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE/2022/51) (IO L 17, 19.1.2023, lch. 94).

([7]) Cinneadh (AE) 2020/136 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2020 maidir le caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh d'íoc ag bainc cheannais náisiúnta nach bhfuil sa limistéir euro, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/48 (IO L 27I, 1.2.2020, lch. 1).

*Airteagal 3*

**Forálacha ginearálta**

1. Déanfar na haistrithe a thuairiscítear in Airteagal 2 trí TARGET.

2. I gcás nach bhfuil rochtain ag BCN ar TARGET, déanfar na méideanna a thuairiscítear in Airteagal 2 a aistriú trí chuntas a chreidiúnú a ainmneoidh BCE nó BCN in am trátha.

3. Déanfar an t-ús a fhabhróidh faoi Airteagal 2(2) a ríomh ar bhonn laethúil, ag baint úsáide as an modh ríofa iarbhír de-os cionn-360-lá, ag ráta a bheidh comhionann leis an ráta úis imeallach is déanaí atá ar fáil a úsáideann an Eurochóras ina thairiscintí do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe.

4. Déanfaidh BCE agus BCNanna atá faoi oibleagáid aistriú a dhéanamh faoi Airteagal 2 na treoracha is gá a thabhairt, in am trátha, chun an t-aistriú sin a fhorghníomhú go cuí in am.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm agus aisghairm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

2. Déantar Cinneadh (AE) 2020/139 (BCE/2020/5) a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

3. Déanfar tagairtí do Chinneadh (AE) 2020/139 (BCE/2020/5) a léiriú mar thagairtí don Chinneadh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 7 Nollaig 2023.

*Uachtarán BCE*
Christine LAGARDE

*IARSCRÍBHINN I*

**CAIPITEAL SUIBSCRÍOFA BCNanna**

| | Scair suibscríofa ar an 31 Nollaig 2023 (EUR) | Scair suibscríofa ón Eanáir 2024 (EUR) | Scair le haistriú (EUR) |
|---|---|---|---|
| **BCN an limistéir euro** | | | |
| Nationale Bank van België/Banque Nationale de Belgique | 320 744 959,47 | 324 804 337,12 | + 4 059 377,65 |
| Deutsche Bundesbank | 2 320 816 565,68 | 2 357 134 464,40 | + 36 317 898,72 |
| Eesti Pank | 24 800 091,20 | 26 380 542,23 | + 1 580 451,03 |
| Central Bank of Ireland/Banc Ceannais na hÉireann | 149 081 997,36 | 192 804 200,92 | + 43 722 203,56 |
| Bank of Greece | 217 766 667,22 | 199 981 180,60 | – 17 785 486,62 |
| Banco de España | 1 049 820 010,62 | 1 046 669 933,56 | – 3 150 077,06 |
| Banque de France | 1 798 120 274,32 | 1 770 700 531,41 | – 27 419 742,91 |
| Hrvatska narodna banka | 71 390 921,62 | 68 511 469,74 | – 2 879 451,88 |
| Banca d'Italia | 1 495 637 101,77 | 1 418 000 151,07 | – 77 636 950,70 |
| Central Bank of Cyprus | 18 943 762,37 | 19 506 662,74 | + 562 900,37 |
| Latvijas Banka | 34 304 447,40 | 34 304 447,40 | 0,00 |
| Lietuvos bankas | 50 953 308,28 | 52 241 484,12 | + 1 288 175,84 |
| Banque centrale du Luxembourg | 29 000 193,94 | 32 215 221,04 | + 3 215 027,10 |
| Central Bank of Malta | 9 233 731,03 | 11 398 732,44 | + 2 165 001,41 |
| De Nederlandsche Bank | 515 941 486,95 | 522 912 791,50 | + 6 971 304,55 |
| Oesterreichische Nationalbank | 257 678 468,28 | 261 694 545,91 | + 4 016 077,63 |
| Banco de Portugal | 206 054 009,57 | 205 826 684,42 | – 227 325,15 |
| Banka Slovenije | 42 390 727,68 | 43 743 853,57 | + 1 353 125,89 |
| Národná banka Slovenska | 100 824 115,85 | 101 787 541,48 | + 963 425,63 |
| Suomen Pankki | 161 714 780,61 | 160 783 830,00 | – 930 950,61 |
| **BCN nach bhfuil sa limistéar euro** | | | |
| Българска народна банка (Bulgarian National Bank) | 106 431 469,51 | 105 901 044,16 | – 530 425,35 |
| Česká národní banka | 203 445 182,87 | 212 419 113,73 | + 8 973 930,86 |
| Danmarks Nationalbank | 190 422 699,36 | 192 652 650,82 | + 2 229 951,46 |
| Magyar Nemzeti Bank | 167 657 709,49 | 171 240 786,83 | + 3 583 077,34 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Narodowy Bank Polski | 653 126 801,54 | 659 979 031,02 | + 6 852 229,48 |
| Banca Națională a României | 306 228 624,99 | 312 712 804,23 | + 6 484 179,24 |
| Sveriges Riksbank | 322 476 960,60 | 318 699 033,14 | – 3 777 927,46 |
| **Iomlán** ([1]) | **10 825 007 069,61** | **10 825 007 069,61** | **0,00** |

([1]) Mar gheall ar shlánú, d'fhéadfadh sé tarlú, nach bhfreagróidh na hiomláin do shuim na bhfigiúirí uile a thaispeántar.

*IARSCRÍBHINN II*

**Caipiteal Íoctha BCNanna**

| | Scair íoctha an 31 Nollaig 2023 (EUR) | Scair íoctha ón 1 Eanáir 2024 (EUR) | Méid na híocaíochta aistrithí (EUR) |
|---|---|---|---|
| **BCN an limistéir euro** | | | |
| Nationale Bank van België/Banque Nationale de Belgique | 320 744 959,47 | 324 804 337,12 | + 4 059 377,65 |
| Deutsche Bundesbank | 2 320 816 565,68 | 2 357 134 464,40 | + 36 317 898,72 |
| Eesti Pank | 24 800 091,20 | 26 380 542,23 | + 1 580 451,03 |
| Central Bank of Ireland/Banc Ceannais na hÉireann | 149 081 997,36 | 192 804 200,92 | + 43 722 203,56 |
| Bank of Greece | 217 766 667,22 | 199 981 180,60 | – 17 785 486,62 |
| Banco de España | 1 049 820 010,62 | 1 046 669 933,56 | – 3 150 077,06 |
| Banque de France | 1 798 120 274,32 | 1 770 700 531,41 | – 27 419 742,91 |
| Hrvatska narodna banka | 71 390 921,62 | 68 511 469,74 | – 2 879 451,88 |
| Banca d'Italia | 1 495 637 101,77 | 1 418 000 151,07 | – 77 636 950,70 |
| Central Bank of Cyprus | 18 943 762,37 | 19 506 662,74 | + 562 900,37 |
| Latvijas Banka | 34 304 447,40 | 34 304 447,40 | 0,00 |
| Lietuvos bankas | 50 953 308,28 | 52 241 484,12 | + 1 288 175,84 |
| Banque centrale du Luxembourg | 29 000 193,94 | 32 215 221,04 | + 3 215 027,10 |
| Central Bank of Malta | 9 233 731,03 | 11 398 732,44 | + 2 165 001,41 |
| De Nederlandsche Bank | 515 941 486,95 | 522 912 791,50 | + 6 971 304,55 |
| Oesterreichische Nationalbank | 257 678 468,28 | 261 694 545,91 | + 4 016 077,63 |
| Banco de Portugal | 206 054 009,57 | 205 826 684,42 | – 227 325,15 |
| Banka Slovenije | 42 390 727,68 | 43 743 853,57 | + 1 353 125,89 |
| Národná banka Slovenska | 100 824 115,85 | 101 787 541,48 | + 963 425,63 |
| Suomen Pankki | 161 714 780,61 | 160 783 830,00 | – 930 950,61 |
| **BCN nach bhfuil sa limistéar euro** | | | |
| Българска народна банка (Bulgarian National Bank) | 3 991 180,11 | 3 971 289,16 | – 19 890,95 |
| Česká národní banka | 7 629 194,36 | 7 965 716,76 | + 336 522,40 |
| Danmarks Nationalbank | 7 140 851,23 | 7 224 474,41 | + 83 623,18 |
| Magyar Nemzeti Bank | 6 287 164,11 | 6 421 529,51 | + 134 365,40 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Narodowy Bank Polski | 24 492 255,06 | 24 749 213,66 | + 256 958,60 |
| Banca Națională a României | 11 483 573,44 | 11 726 730,16 | + 243 156,72 |
| Sveriges Riksbank | 12 092 886,02 | 11 951 213,74 | – 141 672,28 |
| **Iomlán** ([1]) | **8 948 334 725,55** | **8 925 412 773,07** | **– 22 921 952,48** |

([1]) Mar gheall ar shlánú, d'fhéadfadh sé tarlú, nach bhfreagróidh na hiomláin do shuim na bhfigiúirí uile a thaispeántar.